snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

## AN BOSCA CABAIREACHTA
# CLEACHTAÍ TUISCEANA

### Aidhm

Ag déanamh cleachtaí tuisceana.

Is féidir an bosca cabaireachta a úsáid i gcomhair cleachtaí tuisceana (meán-ardleibhéal teanga).

### Treoir

Nuair atá mír físe/fuaime seinnte, iarr ar na foghlaimeoirí achoimre in abairt nó i bhfrása amháin a thabhairt ar an méid a chuala siad agus é a scríobh sa bhosca cabaireachta.

Nó

Scríobh cúpla abairt a bhaineann leis an mír físe/fuaime sa bhosca cabaireachta – bíodh cuid acu fíor agus cuid acu bréagach. Iarr ar na foghlaimeoirí a rá cé acu atá fíor/bréagach, bunaithe ar na nótaí atá breactha acu le linn na héisteachta.

### Forbairt / Nótaí

Má tá sé dúshlánach d’fhoghlaimeoirí achoimre in abairt amháin a scríobh, is féidir leis an múinteoir rogha abairtí a scríobh sa bhosca agus iarraidh ar na foghlaimeoirí a rá cé acu abairt is fearr a thugann achoimre ar an mír.